Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**12980/17**

**CULT 114**
**DIGIT 204**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12694/17 CULT 107 DIGIT 198 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana<br>*- Glacadh* |

D'ullmhaigh an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha na dréachtchonclúidí thuas d'fhonn go nglacfaí iad ag an gComhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt an 20-21 Samhain 2017. Comhaontaíonn na toscaireachtaí uile anois maidir lena bhfuil sa téacs.

Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú sin a dhearbhú agus an téacs a chur ar aghaidh chuig an gComhairle lena ghlacadh agus lena fhoilsiú ina dhiaidh sin, san Iris Oifigiúil.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

1. Na conclúidí ón gComhairle an 25 Samhain 2014[1] ina n-iarrtar ar Uachtaránachtaí na Comhairle tosaíochtaí Phlean oibre na Comhairle don Chultúr 2015-2018 a chur san áireamh i gcomhthéacs na dTrí Uachtaránacht; sa chomhthéacs sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE go háirithe réimse tosaíochta A den Phlean Oibre don Chultúr 'Cultúr cuimsitheach agus inrochtana', lena n-áirítear an t-ábhar maidir le rochtain ar chultúr a chur chun cinn trí mheáin dhigiteacha, agus an tuarascáil ón Meitheal um Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC) i ndáil le *Rochtain ar chultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn: beartais agus straitéisí ar mhaithe le lucht éisteachta/féachana a fhorbairt* ina ndéantar beartais, cláir agus dea-chleachtais atá ann cheana san Aontas a mhapáil agus ina gcuirtear moltaí ar aghaidh le haghaidh leibhéil éagsúla rialachais, agus an staidéar ar *Forbairt an lucht éisteachta/féachana. Conas lucht éisteachta/féachana a chur ar chroí na n-eagraíochtaí cultúrtha*;

2. Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014-2020)[2] agus go háirithe an cuspóir atá aige tacú le forbairt an lucht éisteachta/féachana mar mhodh chun rochtain ar oidhreacht chultúrtha agus ar shaothair chultúrtha agus chruthaitheacha a fheabhsú;

3. Straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh[3] arb é is aidhm di deiseanna digiteacha nua a chruthú ar fud na hEorpa, lena n-áirítear i réimse an chultúir;

---

[1] Na conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 25 Samhain 2014 ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre don Chultúr (2015-2018), (IO C 463, 23.12.2014, lch. 4).

[2] Cinneadh (AE) Uimh. 1295/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2014-2020), (IO L 347, 20.12.2006, lch. 2013).

[3] COM (2015)/192 final.

LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID A LEANAS:

4. tá an bealach a chruthaítear oidhreacht chultúrtha, a fhaightear rochtain uirthi agus a úsáidtear í ag athrú go tapa ó bhonn de thoradh na dteicneolaíochtaí digiteacha. Ní dhéantar dáileadh líneach a thuilleadh mar tá ábhar á scaipeadh níos mó ná riamh i líonraí idirnasctha daoine aonair, lucht éisteachta/féachana, pobal agus institiúidí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, a chuireann riocht ar an slabhra táirgeachta agus dáileacháin. Tá iompar agus ionchais an lucht éisteachta/féachana ag athrú mar thoradh air sin: tá siad ar lorg rochtain mhéadaithe ar ábhar digiteacha chomh maith le caidreamh níos rannpháirtí le soláthróirí inneachair. Mar fhreagairt air sin, cé go bhfuil eagraíochtaí cultúrtha[4] fós ina rialtóirí geata, tá siad ag feidhmiú níos minice agus níos minice mar éascaitheoirí ar mhaithe le rochtain a chur ar fáil ar inneachar cultúrtha;

5. Tá rochtain laghdaithe ag lucht éisteachta/féachana áirithe ar inneachar cultúrtha, mar shampla de bharr riachtanais speisialta, easpa faisnéise, scileanna digiteacha, ama agus spéise, suíomh geografach nó cúlra sóisialta. Go minic is féidir na bacainní sin a shárú trí mheáin dhigiteacha a úsáid;

6. Le cur chuige forbairt an lucht éisteachta/féachana[5], cabhraítear le heagraíochtaí cultúrtha dul i gcion ar lucht éisteachta/féachana nua, an caidreamh eatarthu le lucht éisteachta/féachana atá ann cheana a dhoimhniú agus tá an deis ann go gcuirfear le comhtháthú pobal;

7. Sa ré dhigiteach ní mór d'eagraíochtaí cultúrtha agus do lucht éisteachta/féachana scileanna agus eolas nua a fháil;

8. éilítear cur chuige difriúil ar na heagraíochtaí cultúrtha chun uirlisí, córais agus sreafaí oibre digiteacha a bhainistiú, agus mar gheall air sin d'fhéadfadh struchtúir eagraíochtúla leasaithe a bheith riachtanach;

---

4 Eagraíochtaí poiblí, príobháideacha agus neamhrialtasacha, beag beann ar a méid, atá gníomhach sna hearnálacha cultúrtha ar fad.

5 "Is cur chuige pleanáilte, ar fud na heagraíochta í forbairt lucht éisteachta a chuireann le raon agus nádúr an chaidrimh leis an bpobal trí dhíriú ar a gcuid riachtanas. Is cabhair í d'eagraíocht chultúrtha chun a cuspóir sóisialta, inbhuanaitheacht airgeadais agus uaillmhianta cruthaitheachta a bhaint amach." (Foinse: An tuarascáil ón Meitheal MOC).

9. D'fhonn dul i dteagmháil le lucht éisteachta/féachana ar bhealach fóinteach, ní foláir d'eagraíochtaí cultúrtha a lucht éisteachta/féachana a thuiscint. Is saincheist atá fós le réiteach é easpa faisnéise maidir le próifíl lucht éisteachta/féachana agus conas a dhéanann lucht éisteachta/féachana rochtain ar inneachar trí mheáin dhigiteacha a úsáid. Tá an-éagsúlacht idir eagraíochtaí cultúrtha ach tá dúshláin chomhchosúla ann dóibh go léir i ndáil le sonraí cultúrtha a bhailiú agus a bhainistiú, go háirithe i dtaca le lucht éisteachta/féachana digiteach;

AITHNÍONN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS:

10. trí oiriúnú do thimpeallacht dhigiteach atá ag síorathrú, tá an deis ann don chultúr a ábhartha atá sé sa tsochaí a atreisiú tuilleadh. Le teicneolaíochtaí digiteacha, tá deis ann d'eagraíochtaí cultúrtha caidrimh fhóinteacha agus idirghníomhacha a fhorbairt le níos mó ná lucht féachana/éisteachta amháin, ach ag an am céanna tá dúshláin ag gabháil leis sin ó thaobh fís straitéiseach, scileanna nua agus eolais de, an easpa sonraí i dtaca leis an lucht éisteachta/féachana digiteach, athstruchtúrú eagraíochtúil agus samhlacha airgeadais. Beidh ar eagraíochtaí cultúrtha athmhachnamh a dhéanamh ar an tslí ina dtugann siad aghaidh ar na dúshláin seo chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na deiseanna a thiocfaidh as glacadh le forbairt an lucht éisteachta/féachana digiteach;

IARANN SÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

11. féachaint an bhféadfaí creataí beartais agus dálaí fabhracha a chruthú lena gcabhrófaí le heagraíochtaí cultúrtha tús áite a thabhairt d'fhorbairt an lucht éisteachta/féachana agus iad ag dul in oiriúint don aistriú digiteach leanúnach;

12. eagraíochtaí cultúrtha a spreagadh chun glacadh le forbairt an lucht éisteachta/féachana mar chuid lárnach dá bhfeidhmiú;

13. bealaí cur chuige nuálacha agus tionscnaimh rannpháirtíochta i ndáil le forbairt an lucht éisteachta/féachana, fothú acmhainne agus cistiú a chur chun cinn;

14. a aithint a thábhachtaí atá sé sonraí a bhailiú maidir le lucht éisteachta/féachana digiteacha a d'fhéadfadh a bheith ann agus atá ann mar uirlis ceaptha beartais agus ionas go mbeidh eagraíochtaí cultúrtha in ann seirbhísí níos fearr a chur ar fáil;

15. féachaint an bhféadfaí an lucht éisteachta/féachana a fhorbairt trí mheáin dhigiteacha nuair a bheidh Plean Oibre nua na Comhairle don Chultúr á dhearadh;

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN, LAISTIGH DÁ nINNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

16. comhoibriú agus malartú faisnéise agus deachleachtas idir geallsealbhóirí éagsúla, earnálacha éagsúla agus ar leibhéil éagsúla a spreagadh maidir le bealaí cur chuige nuálacha digiteacha ar fhorbairt an lucht éisteachta/ féachana, lena n-áirítear d'fhonn éifeachtúlachta a mhéadú agus costais a laghdú;

17. treoirlínte deonacha don Aontas ar fad a thiomsú i ndáil le sonraí a bhailiú agus a bhainistiú ar lucht éisteachta/féachana ionas go mbeidh eagraíochtaí cultúrtha in ann seirbhísí níos fearr agus níos dírithe ar an úsáideoir a sholáthar agus mar rannchuidiú le ceapadh beartais atá fianaise-bhunaithe. Ba cheart urraim a thabhairt sna treoirlínte neamhcheangailteacha sin d'éagsúlacht na n-eagraíochtaí cultúrtha, na n-earnálacha cultúrtha agus thraidisiúin na mBallstát. Ba cheart comhlíonadh na gceanglas maidir le cosaint sonraí a bheith mar réamhchoinníoll d'aon ghníomhaíocht bailithe sonraí;

18. feasacht a mhúscailt i measc eagraíochtaí cultúrtha maidir leis na deiseanna a bhaineann le samhlacha cistithe nuálacha, malartacha, a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana in earnáil an chultúir agus in earnáil na cruthaitheachta;

19. cumas, scileanna agus eolas na n-eagraíochtaí cultúrtha agus a gcuid lucht éisteachta/féachana a mhéadú chun dul i ngleic le dúshláin nua dhigiteacha;

20. a aithint a thábhachtaí atá sé forbairt an lucht éisteachta/féachana agus an t-aistriú digiteach a chur san áireamh agus acmhainní airgeadais á leithdháileadh;

21. leanúint de bheith ag díriú ar dhigitiú inneachair chultúrtha agus d'fhorbairt teicneolaíochtaí nua le haghaidh digitiú mar bhealach chun tairiscint chultúrtha níos éagsúla a chur ar fáil agus athúsáid inneachair dhigitigh a rannchuidíonn le hearnálacha éagsúla na sochaí a mhéadú;

22. idir-inoibritheacht inneachair agus teicneolaíochta a chur chun cinn d'fhonn rochtain leathan ag eagraíochtaí cultúrtha agus a gcuid úsáideoirí a spreagadh;

23. a aithint go bhfuil gá ann cóipcheart agus cearta gaolmhara a urramú agus tábhacht chearta na gcruthaitheoirí a aithint agus ag an am céanna ag iarraidh go mbeidh an rochtain is leithne is féidir ar inneachar ann;

24. Leas iomlán a bhaint as Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 chun rochtain phoiblí ar na hacmhainní agus ar na seirbhísí oidhreachta digiteacha sin a chur chun cinn, lena n-áirítear trí Europeana, agus rannpháirtíocht sa rialachas ar an oidhreacht chultúrtha i ngach aon ghrúpa sóisialta a mhéadú trí úsáid níos fearr a bhaint as na meáin dhigiteacha.